**A ndúirt an tUachtarán Metsola ag an gComhairle Eorpach**
**Déardaoin, an 14 Nollaig 2023**

Dia daoibh go léir.

An 23 Meitheamh 2022 bhaineamar amach cloch mhíle thábhachtach inár dtionscadal Eorpach. An lá a tháinig an Chomhairle seo ar chomhaontú stairiúil chun stádas mar iarrthóir a thabhairt don Úcráin agus don Mholdóiv, agus chun peirspictíocht shoiléir Eorpach a thabhairt don tSeoirsia.

Le bliain go leith anuas, tá dul chun cinn tapa déanta ag an Úcráin maidir lena cuspóirí uile a bhaint amach tríd an reachtaíocht agus na hathchóirithe is gá a ghlacadh, fiú sna dálaí is deacra.

Is amhlaidh atá i gcás na Moldóive.

A chairde,

Táimid arís ar thairseach ócáide stairiúla eile don Aontas seo againne. Agus is orainne atá sé a chinneadh an mbeidh deis stairiúil á tapú againn nó an dteipfidh glan orainn.

Is beag eatarthu go minic.

Is mithid dúinn anois ár ngealltanas a chomhlíonadh. Aontacht agus dlúthpháirtíocht a léiriú. Misneach agus diongbháilteacht a léiriú. A thaispeáint go dtéann sé chun tairbhe do chách.

An chéad chéim eile ná tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin agus leis an Moldóiv.

Tuigim gur cinneadh mór é seo, tuigim nach cinneadh éasca é dúinn go léir inár measc. Tá meas agam ar an dearcadh sin. Ach ní cinneadh é a eascraíonn as seiftiúlacht pholaitiúil. Is cinneadh é atá bunaithe ar fhiúntas, ar urraim dár gcritéir, ar a chonair féin a bheith ag gach náisiún chun na spriocanna oibiachtúla a leagamar amach dóibh a bhaint amach.

Ciallaíonn an staid gheopholaitiúil dhomhanda go bhfuil praghas le híoc ar easpa gnímh freisin.

Mar a dúirt mé inné ag an gcruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus na Balcáin Thiar, cuireadh deis ar fáil dúinn go léir. Ba cheart dúinn an deis sin a thapú.

Ba mhaith liom a rá, a mhéid a bhaineann lenár gcomharsana a ullmhú don aontachas, go bhfuilimid réidh lenár gcion a dhéanamh. Tá dlúthchaidreamh ann cheana féin idir Parlaimint na hEorpa agus Verkhovna Rada na hÚcráine. Le fíorghairid shíníomar Meabhrán Tuisceana athnuaite maidir le tacaíocht daonlathais pharlaimintigh idir an dá Pharlaimint seo againne. Is bealach praiticiúil é inar féidir linne i bParlaimint na hEorpa cabhrú leis an Úcráin í féin a ullmhú d’aontachas leis an Aontas amach anseo.

Is amhlaidh atá don Mholdóiv. Cheana féin, tá na tairbhí ónár gcláir um thacaíocht don daonlathas agus ón dlúth-chomhpháirtíocht le Parlaimint na Moldóive ina gcuidiú luachmhar do chonair Eorpach na Moldóive.

Is é méadú an Aontais an infheistíocht gheopholaitiúil, straitéiseach, agus atá dírithe ar an todhchaí, is láidre atá againn. Is maith a thuigimid go léir cumas claochlaitheach an

mhéadaithe. Neartaíonn méadú, atá bunaithe ar fhiúntas, ár n-ilchríoch, ár nAontas agus ár modh maireachtála.

Ní mór dúinn a bheith cáiréiseach sna Balcáin Thiar nach ndéanfar uaillmhianta nó cúiseanna, ar cheachtar den dá thaobh, a mhaolú. Tá sé feicthe againn go léir go bhfuil meath tagtha ar an dearcadh dearfach i leith na hEorpa sa réigiún sin, arb údar imní é, fiú i measc an aosa óig. Ní mór an dóchas a thiontú ina thoradh inbhraite nó caillfear an dóchas sin.

Beidh ar gach tír is iarrthóir cloí lena conair féin i dtreo na ballraíochta - conair a bheidh bunaithe ar fhiúntas. Ní bheidh sé éasca, agus mar is cuimhin le go leor inár measc, tógfaidh sé tamall.

Ach, fad is a bheidh na tíortha sin ag athchóiriú agus ag athrú, ní mór dúinne a bheith ullamh an rud ceannann céanna a dhéanamh. Ciallaíonn sé sin leanúint ar aghaidh leis an bplé faoi cén sórt Aontais Eorpaigh a bheidh ann amach anseo - agus mar thús, áit na Rómáine agus na Bulgáire i limistéar Schengen.

Agus muid ag breathnú amach romhainn, is bonn maith don mhachnamh é ionchur Pharlaimint na hEorpa sa phlé maidir le hathchóirithe, ionchur atá mionsonraithe inár dtuarascáil maidir le hathruithe ar na conarthaí, agus tá súil agam go mbeidh plé ann ina thaobh i gcruinniú eile amach anseo.

Idir an dá linn, tá an cogadh fós ar siúl san Úcráin. Ní foláir dúinn a bheith daingean inár dtacaíocht pholaitiúil, mhíleata, dhaonnúil agus airgeadais, fiú amháin nuair a éireoidh sé sin níos deacra. Tá an oibleagáid straitéiseach atá orainn chomh tábhachtach céanna leis an oibleagáid mhorálta. Céim straitéiseach freisin a bhí sa chomhaontú maidir le saoráid nua dar luach 50 billiún - Saoráid don Úcráin - ar vótáil Parlaimint na hEorpa uirthi i mí Dheireadh Fómhair. Óir baineann sé seo le hinfheistíochtaí agus le fás. Don Úcráin agus don Eoraip.

Cuideoidh an tSaoráid don Úcráin le téarnamh, atógáil agus nuachóiriú na hÚcráine, lena laghdófar an tacaíocht bhuiséadach a mbeidh gá léi amach anseo.

Tá sé mar aidhm againn éirí níos láidre, níos aontaithe agus níos iomaíche i ndomhan atá de shíor ag athrú agus atá ag éirí níos naimhdí - domhan ina bhfuil gá le cúltaca ó acmhainní leordhóthanacha. Agus tuigim go bhfuil go leor ann a cheapann nach bhfuilimd ach ag cur cinntí deacra airgeadais ar an méar fhada.

Bhí a dtionchar féin ag an bpaindéim, ag ionradh na Rúise ar an Úcráin, ag an athrú aeráide, ag an ngéarchéim fuinnimh agus ag an ngéarchéim maidir le costas maireachtála. Leis an méadú a tháinig ar rátaí úis, d’ardaigh ár speansais iasachtaíochta faoi NextGenerationEU. Tá ár CAI faoi bhrú mór, le cúraimí nua ar thángamar go léir ar chomhaontú maidir leo. Dá bhrí sin, caithfidh an Chomhairle Eorpach teacht ar chomhaontú: Comhaontú a urramaíonn sainphribhléidí Pharlaimint na hEorpa mar údarás buiséadach mar a leagtar síos sna Conarthaí. Comhaontú lena dtiocfar ar réiteach struchtúrach chun costais iasachtaíochta a bhainistiú - agus dul chun cinn maidir le hacmhainní dílse mar chuid den réiteach sin. Comhaontú a chaomhnaíonn luachanna comhroinnte an Aontais agus nach mbaineann den smacht reachta. Comhaontú lena n-áirithítear gur féidir leis an Aontas freagairt go héifeachtach do ghéarchéimeanna agus do chúinsí gan choinne. Agus comhaontú nach mbaineann tuilleadh ó chláir shuaitheanta arb iadsan, i súile go leor, aghaidh inbhraite an Aontais Eorpaigh.

Sin an fáth ar iarr Parlaimint na hEorpa, arís is arís eile, go leasófaí an CAI agus a bhfuilimid ullamh an plé seo a leathnú.

Díreach mar a rinneamar nuair a thángamar ar chomhaontú maidir leis an nGníomh um an Intleacht Shaora agus an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla, ar vótáil an Pharlaimint orthu dhá lá ó shin. Mar atá ar siúl againn, i dteannta a chéile, maidir lenár neamhspleáchas fuinnimh a mhéadú agus dreasachtaí a sholáthar don fhuinneamh glan. Mar a rinneamar nuair a ghlacamar reachtaíocht maidir le stóráil gáis agus laghdú ar an éileamh ar ghás agus mar atá ar siúl againn agus muid ar tí ár margaí leictreachais a athchóiriú. Mar atá á léiriú againn lenár gceannaireacht dhomhanda i ndáil le beartais fhorásacha mhargadhbhunaithe aeráide.

Tá éachtaí bainte amach againn, nár samhlaíodh riamh a bheith insroichte. Is féidir linn déanamh amhlaidh arís.

Is amhlaidh atá maidir lenár rannpháirtíocht sa Mheánoirthear - réimse ina gcaithfimid tuilleadh a dhéanamh chun dul i ngleic leis an ngéarchéim dhaonnúil i nGaza, agus le hiarmhairtí an ionsaithe sceimhlitheoireachta an 7 Deireadh Fómhair in Iosrael agus sa Mheánoirthear i gcoitinne. Féadfaidh an tAontas Eorpach ról tosaigh a bheith aige sa phleanáil don bhealach chun cinn, don tréimhse iarchogaidh, don chúnamh atógála, don tógáil náisiúin agus san iarracht réiteach dhá Stát a bhaint amach, ar réiteach é a bheidh fíor, inbhuanaithe, marthanach agus bunaithe ar chobhsaíocht. Fiú le linn an cheo cogaidh ní foláir dúinn a bheith ag trácht ar shíocháin, ar conas daoine a choinneáil beo, ar dheireadh a chur le sceimhlitheoireacht, agus ar urraim don dlí idirnáisiúnta - agus ar conas is féidir linn faoiseamh a thabhairt do na Palaistínigh agus dóchas do na hIosraelaigh - láithreach. Is gá dúinn a áirithiú freisin nach dtiontóidh an Bruach Thiar ina láthair achrainn réigiúnach nua.

Ar deireadh thiar, ba mhaith liom tagairt uair amháin eile don Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann. Táimid níos cóngaraí ná mar a bhí riamh le deich mbliana anuas. Táim dóchasach. Ní mór dúinn dlús a chur leis an dul chun cinn. Bheadh comhaontú, roimh dheireadh na bliana, maidir leis an gcomhshocrú sin ina bhua cinntitheach don lár polaitiúil cuiditheach atá ar son na hEorpa sula dtugaimid aghaidh ar na toghcháin Eorpacha an bhliain seo chugainn. Is féidir linn a léiriú go bhfuil réitigh ag an Eoraip ar shaincheisteanna a bhfuil suim ag ár saoránaigh iontu.

A chairde,

Is orainne atá an fhreagracht as na cinntí cearta a dhéanamh. Fiú más cinntí deacra iad. Chun brú ar aghaidh go deireadh scríbe. Chun teacht ar chomhréiteach. Tar éis an tsaoil, nach ar an gcúis sin go ndeachamar leis an bpolaitíocht. Cogaí a bhuachan a shamhlaítear a bheith dobhuaite... go dtí, gan amhras, go mbuaitear iad. Tá go leor taithí againn agus tá a lán bainte amach againn cheana féin inár n-obair reachtach.

Tá ceannaireacht léirithe ag an Eoraip agus tá sé léirithe aici gur féidir léi na cinntí gátaracha a dhéanamh. Inniu, bímis inár gceannaire an athuair.